

Coiste Pobail na Tulaí



◀ Rinne Coiste Pobail na Tulaí éacht i mbliana nuair a bhaineadar amach an chéad duais sa rannóg do choistí gan cúnamh fostaíochta i gcomórtas Ghlór na nGael. Déanadh an bronnadh i dTeach Carton, Má Nuad, san Aibreán 2011. Sa bpictiúr, tá an Dr Íde Ní Uallacháin agus an tAire Donncha Mac Fhionnlaoich in éineacht le Rúnaí an Choiste, Nuala Ní Chonghaile, agus an Cathaoirleach, Tomás Ó Neachtain.



▲ Tugadh cuireadh go hÁras an Uachtaráin do Choiste Pobail na Tulaí mar chuid de chomóradh 50 Bliain Ghlór na nGael. Sa bpictiúr, tá Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, ag bualadh le Caitlín Bn Uí Fhatharta, Máire Ní Óbáin agus Nuala Ní Chonghaile.



▲ Bhí Féile Lá an Phátrúin ar an Déardaoin, an 9 Meitheamh, agus bhí clár imeachtaí réitithe ag an bhfochoiste in ómós don cheilúradh. I measc na n-imeachtaí, bhí léachtaí spioradálta, tuairisc a scríobh Johnny Chóil Mhaidhc i 1963, amhránaithe agus ceoltóirí óga an cheantair chomh maith le cur síos ar stair Naomh Colmcille ó Mháirín Mhic Lochlainn. Dúradh Rúndiamhra Sólásacha an Phaidrín. Bronnadh duaiseanna ar pháistí na mbunscoileanna áitiúla a ghlac páirt i gcomórtais Aistí agus Ealaíon. Bhí fáilte roimh chách agus bhí slua maith ann agus tá súil againn go leanfar ar aghaidh leis agus go bhfaighfear an tacaíocht sna blianta beaga amach romhainn.

Sa bpictiúr, tá Máirín Mhic Lochlainn agus ball d'Fhochoiste an Phátrúin, Máire Ní Óbáin.



◀ Tháinig muintir cheantar na Tulaí le chéile ina gcéadta i mí Feabhra seo caite nuair a tháinig slua mór amach ag léirsiú le haghaidh cosán coisithe. Tá Coiste Pobail na Tulaí i mbun feachtais go dtógfaí an cosán seo le beagnach 30 bliain agus tá an píosa ina chontúirt amach is amach. Mar thoradh ar an

léirsiú, bhí comhráití dearfacha idir an Chomhairle Contae, Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus an coiste. Tá sárbair déanta ar an togra seo agus súil againn tús a chur leis gan an iomarca moille. Beidh tús á chur leis an gCrannchur 50/50 arís chun maoiniú a chur ar fáil don togra seo.

Sa bpictiúr, tá Seán Ó Tuairisg agus Seosamh Ó Cuaig, beirt de na comhairleoirí contae a tháinig ann le tacaíocht a thabhairt don léirsiú.

Cuireadh deireadh leis an obair athchóirithe a déanadh ar Halla na Tulaí agus tá sé in úsáid go rialta anois ag grúpaí spóirt agus le haghaidh oícheanta sóisialta don phobal uilig. Tá muid thar a bheith buíoch as an tacaíocht a fuarthas ó mhuintir an cheantair agus ó na grúpaí éagsúla a bhaineann úsáid as an halla. Táthar ag réiteach le hoíche chártaí (cúig fichead) a chur ar bun gach Déardaoin sa halla agus beidh fáilte roimh aon duine atá ag iarraidh imirt nó láimh a thabhairt.